II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1176 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE ([1]), agus go háirithe le hAirteagal 49(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 maidir leis an bhféidearthacht léarscáileanna táscacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) de chuid tíortha comharsanacha sonracha a oiriúnú, nó léarscáileanna nua a chur leo, bunaithe ar chomhaontuithe ardleibhéil maidir le gréasáin bonneagair iompair idir an tAontas agus na tíortha comharsanacha lena mbaineann.

(2) An 29 Meitheamh 2022, síníodh comhaontú ardleibhéil dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 idir an tAontas agus an Úcráin. Baineann an comhaontú maidir leis na hathruithe ar léarscáileanna táscacha TEN-T leis na línte iarnróid, na bóithre, agus le huiscebhealaí intíre a chur san áireamh. Leis na hathruithe ar na léarscáileanna táscacha, ba cheart an tAontas a bheith in ann a chomhar leis an Úcráin a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 348, 20.12.2013, lch. 1

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.


Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad léarscáileanna 16.7 agus 16.8:




Indicative maps of the core network in Ukraine, roads
Comprehensive & Core Networks: Roads, ports, rail-road terminals and airports
Eastern Partnership Transport Network: Ukraine
Vilnius
Minsk
Kirov
Tula
Bryansk
Kursk
Voronez
Kyjiv
Lviv
Kharkiv
Dnepropetrovsk
Chisinau
Bucuresti
Sofia
0
210
420
km
Comprehensive Core
Road / Completed
Road / To be upgraded
Road / Planned
Comprehensive Core
Ports
RRT
Comprehensive Core
Airports
TENtec

(2) cuirtear an léarscáil 16.9 seo a leanas léi:

